Gléas Luaṫscríḃne

le n-ar scríobtar an Gaeḋealg
le lán-luas

I.

Na Bunaḋais

B. B. F.

do ċum

Brún agus Ó Nóláin

i mBaile Áta Cliat :: i mBéal Feirste
i gCorcaig :: :: i bPortláirge

£14-

Gléas Luaṫscríḃne

Brún agus Ó Nóláin, Teor., do ċlóḃuail



Na graif i dteannta a ċéile.

Gléas Luaṫscríḃne

le n-ar scríoḃtar an Ġaeḋealg
le lán-luas

I.
Na Bunaḋais

B. B. F.

do ċum

Brūn agus Ó Nóláin

i mBaile Áta Cliat :: i mBéal Feirste
i gCorcaiġ :: :: i bPortláirge

RÉAṀRÁḊ.

Seo iarraċt ar ġléas luaṫscríḃne do ċur ar bun, a ḃeaḋ lánoireaṁnaċ do'n Ġaeḋilg. Níor cuireaḋ a leiṫéid fé ċlóḋ le n-ár linn go ḃfios dom. Ní abraim, áṁ, gurb é an ċéad ċinéal luaṫscríḃne i n-a scríoḃtaí an Ġaeḋealg é. Deir luċt léiġinn gur gléas luaṫscríḃne gurb eaḋ an t-Oġam. Sid iad sraif ċonsonta agus sraif ġuṫaċa an Oġaim:—

b, l, f, s, n, ḋ, d, t, c, p, m, g, ng, st, r,

a, o, u, e, i, ea, oi, ui.

Ċífear go ḃfuil gaol idir an ġléas luaṫscríḃne seo agus foġraiġeaċt Oġaim .i. ogham phonosis mar a deirtear i mBéarla.

(a) Scríoḃtar na sraif Oġaim ar an líne (fleasc), tríd an líne, fé'n líne; agus luaṫscríoḃtar os cionn an líne, ar an líne agus fé'n líne.

(b) I n-Oġam scríoḃtar na graif ġuṫaċa mar línte gearra agus scríoḃtar mar sin leis i luaṫscríḃinn iad.

Aċt i luaṫscríḃinn ní le h-uiṁir aċt le treó a deintear idir-ḋealuġaḋ idir na guṫaiḃ.

(c) In Oġam tá fad airiṫe ar ċuid des na grafaiḃ agus tá cuid eile aca atá níos fuide fá ḋó; is mar sin atá i luaṫscríḃinn leis.

(d) 'San Oġam tá na graif ċonsanta go léir scríoḃṫa i ndronlínte agus sa luaṫscríḃinn tá a leaṫ scríoḃṫa i ndronlínte.

(e) 'Sé an graf guṫaċ (oi) 'san Oġam a ṫugann an graf 'i (aḃa) agus an graf (aḋ) sa luaṫscríḃinn seo.

(f) 'Sé an graf guṫaċ Oġam a scríoḃtar mar roiṁ-ṁír i gcóir r agus l agus mar iar-ṁír i gcóir ḃ, f, ṗ, n.

(g) Agus i ndeire na scríḃe, 'sé graf (ea) a ṫugann coṁarṫa i gcóir lán-stad.

Measaim go ḃfeicfear leis, gurab í foġraiġeaċt Oġaim atá mar fosas do ṁór-ċuid des na gléisiḃ luaṫscríḃne atá ar siuḃal le n-ár linn.

Is féidir linn dá ḟaġas usáide do ḃaint as Luaṫscríḃinn (a) oráid do ṫuarascaḃáil, (b) fuaimeanna agus foġraiġeaċt Gaeḋilge do ṁúineaḋ. Mar sin tá sé ċom oireaṁnaċ í ṁúineaḋ do leanḃaiḃ agus atá sé do ṁacaiḃ-léiġinn.

Níor ċuiḃe liom an Réaṁráḋ so do ċríoċnuġaḋ gan buiḋeaċas do ṫaḃairt do Ḃráṫair Próinsias, Coláiste de la Salle, agus do Ċoncuḃar Ua Muiṁneaċáin, Coláiste Naoiṁ Ciaráin, a ṫug congnaṁ agus coṁairle dom fé'n leaḃar do ḃeaċtuġaḋ.

B. Ḃ. F.

Réiḋ-leán.
Cill Mocua,
Lá Ḟéile Ṁíċíl, 1924.

Gléas Luaṫscríḃne.

Na Graif Consonta.

s (leatan) | ; d \ ; b / ; c —

m ⌒ ; n ‿ ; p) ;

d (caol) (; l —ᴗ— ; h. /

Táid na graif consonta so tuas 4 mileṁéadaí ar faid.

t | ; f (; s) ; r ⌒ ;

g ‿ ; ḃ —— ;

Táid na graif consonta so tuas 6 mileṁéadair ar faid.

N.B.—Scríoḃ gaċ graf aca uair is fiċe nó mar sin, i dtreó go mbeaḋ sé ar do ċumas iad do scríoḃaḋ go beaċt le luas.

Tosaċ an ġraif: 'Sé sin le ráḋ an puinnte in a dtosnuiġtear ar an ngraf do scríoḃaḋ.

Deireaḋ an ġraif: 'Sé sin an puinnte in a gcríoċnuiġtear an graf.

Mar sin, is é puinnte **g** tosaċ na ngraf agus sé puinnte h deireaḋ na ngraf so a leanas :—



Lastoir de'n graf: Deirtear go ḃfuil **a** scríoḃṫa lastoir de gaċ graf aca so, agus go ḃfuil **b** scríoḃṫa **lastiar díoḃ** :—



Na Graif Ġuṫaċa.

Is dronlíne ġearr an graf guṫaċ.

Tá sé dá ṁíleṁéadar ar faid. Is féidir do'n ġraf ġuṫaċ cúig uillineaċa do ḋéanaṁ le graf consonta. Bíoḋ na línte fada, san deilb seo, 'na ngraif ċonsonta agus na línte gearra 'na ngraif ġuṫaċa.



Ionann an líne ġearr



Sa ċéad uillinn	.1.	45°	an	guṫ	á
Sa tarna	„	90°	„	„	ó
Sa 3aḋ	„	135°	„	„	ú
Sa 4aḋ	„	225°	„	„	é
Sa 5aḋ	„	315°	„	„	í

Tugtar fé ndeara go mbíonn na guṫanna leaṫana scríobṫa laistiar de'n ġraf i gcóṁnuiḋe agus go mbíonn na guṫanna caola scríobṫa laistoir de.

Scríoḃtar na gutanna leaṫana laistiar des na grafaiḃ, mar seo:—



Is mar seo a scríoḃtar na gutanna caola laistoir des na grafaiḃ,



Tugtar fé ndeara go léiġtear an guṫ roiṁ an gconnsain nuair ḃíonn an graf guṫaċ scríoḃta i dtosaċ an ġraif ċonsanta. Léiġtear an guṫ indiaiḋ na connsaine nuair a ḃíonn an graf guṫaċ scríoḃta i ndeireaḋ an ġraif ċonsonta.

CLEAĊTAḊ A hAON.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. bó, cóṁ, dó, sóġ, lóġ, toṁas.
2. cá, láṁa, dá, sáḋ, bá, tá.
3. duaḋ, cú, luaṫ, súġa, buḋ, tú.

4. lae, cé, dé, saoġad, ḃé, té.
5. saoi, cí, sí, Dia, bí, tí.
6. tá, dó, cé, saoi, cú, sí.

Scríoḃ i ḃfoclaiḃ na graif seo:—



NA GUTANNA SRÓNAĊA.

Sid iad na graif i gcóir na ngutann srónaċ.

V = aḋ mar atá 'sa ḃfocal Taḋg, Raḋarc.

Λ = aḃa mar atá i n-aḃainn, leaḃar. Tá guṫ srónaċ ingaċ ceann des na foclaiḃ seo: gall, gleann, gallda, cam, am, aḃac, abrán, ann, aṁras, ceann, cleaṁnas, feall, meaḃar, gaḃann, raḃaim.

V = aḋ, Taḋg, aḋaircín, aḋarc, aḋraim, aimsear, blaḋm, claḋaire, frainncis, gaḋar, aḋmaid, gaiḃne, raġam.

NA GRAIF LÚBṪA.

Ceangaltar na graif guṫaċa leis na graif consanta lúbṫa mar seo:—



CLEAĊTAḊ A DÓ.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. moḋ, páiġe, ráḋ, gúṫ.
2. roiṫ, ruaḋ, síḋe, gaoṫ.
3. maiṫ, naoí, laoġ, nuaḋ.
4. fé, fí, laoi, máġ.

R agus L mar roiṁ-ṁír.

Nuair a ṫagann an graf L nó an graf R indiaiḋ graif consanta i dtosaċ focail i gan aon ġut eatarṫa, scríoḃtar graf L i ḃfuirm ċamóige mar seo:—

sl , dl , bl , srl.

agus scríoḃtar an graf R mar seo:—

sr , tr . br , dr , srl

Scríoḃtar an graf L agus an graf R i ḃfuirm ċamóige leis, i lár ḟocail nuair is áisiġé é ḋéanaṁ.

Cleaċtaḋ a Trí.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. Sliġe, slán, srae, treo, bláṫ.
2. Clóḋ, clú, cliaṫ, clab.
3. Cráḋ, cró, gliú, clóḋ.
4. Gráḋ, gré, cré, préiċ.

N, B, nó P, F mar iar-ṁír.

Scríoḃtar graf "n" indiaiḋ na gconsan i ḃfuirm ċamóige, mar seo:—

cn , ln , tn , srl.

Scríoḃtar graf ḃ nó ṗ nó f mar seo:—

ciḃ , lḃ , taoiḃ .

Scríoḃtar na graif ġutaċa i ndeireaḋ na gcamóg mar a leanar:—

1. cnó , cná , cné .
2. taoibe , luibe , gnúis .

ig, iḋ, ag, aḋ, aċ, aċt,
mar iarṁír.

Scrioḃtar mar seo iad:—

buailiḋ  buaileaḋ 

beannaċt  bacaċ  bacaig  ⁊rl.

Luaṫsgríoḃ na focail seo:—

1. Nodlaig, scóig, troiġ, tiġ.
2. Laġ, cnag, sealg, síléag.
3. Do buaileaḋ, do lagaḋ, do molaḋ.
4. Aġaiḋ, siḋ, buaiḋ.
5. Bacaċ, baċlaċ, báḋaċ, dliġeaċ, dortaċ
6. Báḋaċt, fuaċt, fuiḋeaċ, laidreaċt.

S agus ST mar roiṁ-ṁír.

Scríoḃtar s roiṁ consain mar seo:—

sc ; sp ; sm ; sn ; st ; srl.

Scríoḃtar st roiṁ consan ar an gcuma so:—

stn ; stp ; stc ; stm ; std .

Is minic a ḃíonn guṫ idir st agus consan eile.

CLEAĊTAḊ A CEAṪAIR.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. slaiḋe , stoc , stró .
2. stuaḋ , sturaiḋe
3. straic , straṫa , storm .

SPR, SCR, SCL, mar roiṁ-ṁír.

Nuair ná ḃíonn guṫ eatarṫa:—

spr ; scr ; scl .

spioraḋ ; scríoḃ ; sclaḃuiḋe .

sclog ; sclóid ; sclóin .

Cleaċtaḋ a Ċúig.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. Spreas, spréiḋ, spriata.
2. Sprogall, sprios, spriocar.
3. Spriocaḋ, scloid, scleo, scléip.
4. Sclátuiḋe, scrábán, scruidín.
5. Scrámaide, scraiṫ, scríḃneóir.

L agus S scríoḃta mar castaċáin.

Déintear mar seo iad:—

buail  ; coill  ; cáll i

brollaċ ; maol ; déis  .

bás ; bál ; cios .

bios ; cos ; cás ; deas .

Cleaċtaḋ a Sé.

Luaṫscríoḃ na focail seo:—

1. Caol, baile, béal, ball.
2. Bile, deil, mil, mol, díol.
3. Mias, déis, leas, léas.
4. Lus, lios, rás, pas.
5. Gol, geal, gas, gaois.

Na castacáin s agus l, idir consainib lúbta, nó ceangailte le consainib lúbta.

Scríobhtar mar seo iad:—

rlc, rsm, rlm, csg,

msm, mlm, blm, nsn,

dsm, dlm, bsm, csn,

dc, blc, bsc, bsc,



dsc, dlc, bsc, blc,



tlb, tlḃ, tsḃ, csḃ,



gsn, gln,

Graif camógaċa N agus Ḃ nó P, F indiaiḋ goṫa.

Is ceart na camóga do sgríoḃ mar seo indiaiḋ guṫ:—

1. Tan ; tonna ; tonn ;
téiġeann ; tín ; tán ; tón ;
tún ; téin ; tin ;

2. Lám ; luiḃ ; léiġeam ;

Cleaċtaḋ a Seaċt.

Luaṫsgríoḃ na focail seo:—

1. Bannán, banna,
lanán, lanna, baoġal,

2. Congna, congnaiḋe.

3. Bean, bun, bin.

Noda i gcóir RT, RD agus DR, TR.

Seo iad na noda rt, rd agus dr, tr:—
cárt, cadar, bárd, bataire
sórt, sodar, beart, b'féidir

Mar sin, ċífear go scríoḃaimíd lúb gearr i gcóir rt nó rd, agus lúb níos sia i gcóir dr nó tr: scríoḃtar lastoir de'n connsain iad go léir nuair ḃíonn an connsain 'na ḋronlíne.

Nuair a scríoḃtar leis na connsainiḃ lúbṫa, is i gcuas na lúibe scríoḃtar iad, mar seo:—

gort ; gáḃatar , neart , naḋúir ,

mairt , maidir , gartaire ,

Luaṫscríoḃ na focail seo:—dárdúl, taḃairt, port, Eirirt, láidir, gliondar, uaċtar bórd, bóird, cáirde, beart.

Noda i gcóir ST, SD, agus STR, SDR.

Seo iad na noda ST, SD, agus STR, SDR

ceirt ; carta ; cartaire ; Sarta : rúistrigim  ; laistear ; mairte ; máiġistir .

Scríoḃamíd lúb gearr i gcóir st nó sd agus lúb níos sia i gcóir str nó sdr: scríoḃtar laistiar de'n connsain iad nuair a ḃíonn an connsain na ḋronlíne.

Nuair a scríobhtar leis na consainibh lúbtha iad, is i gcuar na lúibe scríobhtar iad; mar seo:—

Mairte ; máighistir ; gairte ;
gairtear ; fáirte ; fairtéir ;
fast ; feastar ; madair ; madradh ;

Luathscríobh na focail seo:—Feasta, feastuighim, feastúghadh, fuistear, gairteach, gairtín, gairtear, básta, bastart, bastún, márt, martra.

Nuair is áirighe é déanamh, scríobhtar t nó d 'san deireadh focail mar seo:—

cath ; cait ; creid ;
grúid ; grod.

GRAFOCAIL.

Buaileann focail áirithe orainn go minic agus scríobhtar le h-aon comhartha amháin iad. Cuir i gcás:—

an ; ar na ; bhfuil ;
ag ; ní fhuil ;
ar an ; ní raibh ;

aċt ; arís ;	ní
a / ; arsa ;	tá
ó — ; ar seisean	bhí
é nó sé / ;	rud —
í nó sí \ ;	go fóill
tú nó thú \ ;	cionnus
go ;	is ;
gur ;	insa \ ;
cad ; mise ;	insan ;
bhur ;	in \ ;
le. ; agus / ;	céad ; cí — ;
siad nó iad \ ;	dá
bhris sé é.	bhris sí í. ;
bhris sí é.	bhris sé í. ;

duine ; beirt ; triúr ;
ceathrar ; cúigear ; seachtar ;
ochtar ; seisear ; naonbhar ;
deichneabhar ; dáréag ; aoinne déag ;
fá ; fea ; is o .

Scríobhtar na h-uimhreacha móra mar seo leannas:—

600	$\underline{6}$;	700	$\underline{7}$;	300	$\underline{3}$;
6,000	~~6~~ ;	7,000	~~7~~ ;	3,000	~~3~~ ;
6,000,000	$\overline{6}$;	7,000,000	$\overline{7}$;	3,000,000	$\overline{3}$;

IONAD GRAF.

Scríoḃtar na graif i dtrí ionad:—

.i. An ċéad ionad os cionn na líne.

.i. An tarna h-ionad ar an líne.

.i. An tréas ionad fén líne.

'Sé Á gut an ċéad ionaid.

'Sé Ó gut an tarna h-ionaid.

'Sé Ú gut an tréas ionaid.

'Sé Í gut an tarna h-ionaid.

'Sé É gut an tréas ionaid.

Cuir i gcás an focal "ba," cúmtar idir ċonnsain agus gut é mar seo ∠; aċ má scríoḃtar do réir ionaid é ní breaċtar aċ an ċonnsain aṁáin /, mar cuireann an t-ionad an gut i n-úil.

"ba" ∠ nó / ; "bó" ∠ nó / ; "buḋ" ⟨ nó /

Tá "ba" san gcéad ionad; "bó" san tarna h-ionad a's "buḋ" san tréas ionad.

Deireaḋ na mBréiṫre.

Deinimíd úsáid de noda cún deireaḋ na mbréiṫre do scríoḃaḋ, mar seo, 'san aimsir láiṫreaċ.



buailim
buailir
buaileann sé
buailimíd
buaileann sib
buailid



molaim
molair
molann sé
molaimíd
molann sib
molaid

An Briaṫar Saor

buailtear



moltar

Deireaḋ na mBréiṫre.

An Aimsear Ċaitte.



do buaileas
do buailis
do buail sé
do buaileamar
do buaileaḃar
do buaileadar



do ṁolas
do ṁolais
do ṁol sé
do ṁolamar
do ṁolaḃar
do ṁoladar

(briaṫar saor) buaileaḋ   molaḋ

Deireaḋ na mḃréiṫre.

An Aimsear Ġnáṫ-Ċaiṫṫe.

do ḃuailinn	do ṁolainn
do ḃuailteá	do ṁoltá
do ḃuaileaḋ sé	do ṁolaḋ sé
do ḃuailimis	do ṁolaimis
do ḃuaileaḋ siḃ	do ṁolaḋ siḃ
do ḃuailidís	do ṁolaidís

(An ḃriaṫar saor) buailtí   moltaoi

Deireaḋ na mḃréiṫre.

An Aimsear Ḟáisteanaċ.

buailfead	molfad
buailfir	molfair
buailfiḋ sé	molfaiḋ sé
buailfimíd	molfaimíd
buailfiḋ siḃ	molfaiḋ siḃ
buailfid.	molfaid

buailfear .   molfar .

deireaḋ na mbreitre.

An Aimsear Ċoinġeallaċ.

ḃuailfinn	ṁolfainn.
ḃuailfeá	ṁolfá
ḃuailfeaḋ sé	ṁolfaḋ sé
ḃuailfimís	ṁolfaimís
ḃuailfeaḋ siḃ	ṁolfaḋ siḃ
ḃuailfidís	ṁolfaidís
buailfí	molfaí

deireaḋ na mbréiṫre.

An Moḋ Foṡuiḋteaċ Láiṫreaċ.

go mbuailead	go molad
go mbuailir	go molair
go mbuailiḋ sé	go molaiḋ sé
go mbuailimid	go molaimid
go mbuailiḋ siḃ	go molaiḋ siḃ
go mbuailid	go molaid

An Briaṫar Saor

go mbuailtear	go moltar

deireaḋ na mbréiṫre.

An Moḋ Foṡuiḋteaċ Caiṫte.

dá mbuailinn	dá molainn
dá mbuailteá	dá moltá
dá mbuaileaḋ sé	dá molaḋ sé

dá mbuailimís	dá molaimís
dá mbuaileaḋ siḃ	dá molaḋ siḃ
dá mbuailidís	dá molaidís
dá mbuailtí	dá moltaí.

NODA.

agam	dom
agat	duit
aige	dó
aice	dí
againn	dúinn
agaiḃ	díḃ
acu	dóiḃ
roṁam	liom
roṁat	leat
roiṁe	leis
roimpi	léi
roṁainn	linn
roṁaiḃ	liḃ
rompa	leo
orm	orainn
ort	oraiḃ
ortsa	orṫa
uirṫi	air

uaim
uait
uaid
uainn
uaib
uaṫa
uaiṫi

aram
arat
ar
airti
arainn
araib
arta

diom
diot
de
di
dinn
dib
diob
tarm
tart

ċugam
ċugat
ċuige
ċugainn
ċugaib
ċuca
ċuici

ionam
ionat
ann
innti
ionainn
ionaib
ionta

fúm
fút
faoi ; fé, fá
fúiti
fúinn
fúib
fúta
eadram
eadrat

ṫairis	idir é
ṫairsi	idir í
tarainn	eadrainn
ṫaraiḃ	eadraiḃ
ṫarsa	eadara
umam	tríom
umat	tríot
uime	tríd
uiṁpi	tríṫi
umainn	trínn
umaiḃ	tríḃ
umpa	tríoṫa





SEÁN O DUIBIR.

Ar m'éiriġe dom ar maidin
Grian an tsaṁraiḋ a' taiṫneaṁ,
Ċuala'n uail dá casaḋ
'Gur ceól binn na n-éan;
Bruic a's míolta gearra
Creabair na ngoba fada,
Fuaim ag an mac alla
'Gur lámaċ gunaí tréan.
An sionnaċ ruaḋ ar a' gcarraig
Míleliú ag marcaig
A's bean go dúḃaċ san mbealaċ
Ag áireaṁ a cuid géan,
Anois ta'n ċoill dá gearraḋ
Triallfimíd tar calaḋ,
A's a Ṡeáin Uí Ḋuibir a' ġleanna,
Tá'n tú gan géim.

Is é sin m'uaige-neas fada
Sgát mo ċluas dá ġearraḋ,
An ġaoṫ a dtuaiḋ am leataḋ
'Gur bás ins an spéir;
Mo ġaḋrín suairc dá ċeangal
Gan ċead lúiṫ ná airdiġeaċt,
Do ḃainfeaḋ gruaim den leanḃ
I meádon ġil an lae.
Croiḋe na n-uaisle ar a' gcarraig
Go céaṫsraċ búaḋaċ beannaċ,
Do ṫiocfaḋ suas ar aition
Go lá deire'n tsaoġail;
A's dá ḃfaġainnse suaiṁneas tamal
Ó ḋaoiniḃ uais le'n ḃaile,
Do ṫriallfinn féin ar Ġaillim,
A's d'ḟágfinn an scléip.



SGURAIḊEAĊT AN LEASA.

Oiḋċe Ṡamhna dob eaḋ í. Ḃí gasra bailiġṫe ag an lios. Ḃí Seán an Leasa féin sa ċúinne i n-aice na teine agus a ċaipín breac air, agus a ḃríste gearra air, agus sgéal fianaiḋeaċta aige ḋ'á innsint. Ní raiḃ an sgéal críoċnuiġṫe go dtí go raiḃ uair an ṁeaḋon-oiḋċe go maiṫ ann. Duḃairt cuid aca go raiḃ sé ag déanaṁ ar buille 'clog.

Sgéal aeraċ do b'eaḋ an sgéal. Ní raiḃ sprid ná púca ná samail i roilig ná i n-uaigneas, ná raiḃ tabarṫa isteaċ sa sgéal ag Seán, i dtreo, féaċ, nuair a ḃí an sgéal críoċnuiġṫe aige, gur dóiġ leat go raiḃ siasraí agus daoine



maiṫe na h-Éireann bailiġṫe amuiġ sa lios, agus ag gluaiseaċt mór-ṫimċeall an tiġe, agus ṫíos ins an tseomra, agus ṫall 's aḃus ins na cúinní dorċa.

"B'ḟearr liom go mbeinn sa ḃaile," arsa Dóṁnall Mór, agus ba ḋóiġ leat go raiḃ creaṫán 'n-a ġlór.

"Tá an bóṫar céadna agat aḃaile a ḃí agat ag teaċt. Is dóċa go ḃfuil sé ann fós," arsan táilliúir.

Fear dob'eaḋ an táilliúir ná raiḃ aon ṗioc de na cosaiḃ air, aċ dá staimpín beaga—slán mo ċóṁarṫa! Aċ ceárdaiḋe maiṫ do b'eaḋ é agus ḃí tuilleaṁ mór aige. Ḃí na láṁa go maiṫ aige agus bí an béal



go maiṫ aige. Dá n-aireoċta ag cainnt é agus gan raḋarc a ḃeiṫ agat air, ba ḋóiġ leat gur ġaisgiḋeaċ é, agus gur ḃeag aige agaiḋ a ṫaḃairt ar aonaċ. Bíoḋ sé i gcoṁnuiḋe ’ġá ṁaoiḋeaṁ ná cuirfeaḋ sprid ná púca aon eagla air féin, agus ná géillfeaḋ sé a leiṫéidí ḃeiṫ i n-aon cor ann.

“Is dóċa,” arsa Dóṁnall Mór, “go ḃfuil, ní náċ iongnaḋ. Aċ ní h-é an t-am a ḃí an uair sin agam atá anois agam. Dá mbeinn ṫar an roilig ba ċuma liom.”

“Tá cúram éigin eile ar ṁuinntir na roilige d’éagmais ḃeiṫ ag féaċaint ad ḋiaiḋ—beannaċt Dé le n-a n-anam,” arsa ’n táilliúir.

“Mar ḋ’eaḋ,” arsa Dóṁnall Mór. “Ná



béaḋ eagal ort-sa gaḃáil ṫar an roilig anois."

"Am' ḃriaṫar ná béaḋ," arsa'n táilliúir.

"Am' ḃriaṫar ná creidfinn é," arsa Dóṁnall Mór.

"Ní ḟágann san ná gur fíor é," arsa 'n táilliúir. "Cad é an tairḃe duit ḃeiṫ ag cainnt mar sin?" arsa Dóṁnall. "Cá ḃfios d'aoinne cé 'cu is fíor é nó náċ fíor.

"Dá mbéaḋ na cosa agam-sa coṁ maiṫ agus a táid siad agat-sa, ba ġearr an ṁoill orm a ṫaisbeáint gur fíor é," arsa 'n táilliúir.

"Bíoḋ geall," arsa Dóṁnall, "dá mbeaḋ na cosa agat, ná béaḋ an cainnt coṁ dána agat." "Cad é an eagla beaḋ orm?" arsa'n táilliúir.



“ Náċ í an roilig céadna í san oiḋċe nó sa lá ? ”

ÁR N-AṪAIR.

Ár n-Aṫair atá ar neaṁ go naoṁuiġtear t' ainim ; go dtagaiḋ do ríġeaċt ; go ndéintear do ṫoil ar an dtalaṁ mar a déintear ar neaṁ. Ár n-arán laeṫeaṁail tabair dúinn indiu, agus maiṫ dúinn ar gcionnta mar maiṫimíd-ne do ċáċ a ċionntuiġean 'n-ár n-agaiḋ agus ná léig sinn i gcaṫaiḃ aċ saor sinn ó olc. Amen.

GO MBEANNUIĠTEAR DUIT.

Go mbeannuiġtear duit, a Ṁuire, atá lán de ġrásta ; tá an Tiġearna at' ḟoċair ; is beannuiġṫe ṫu idir mnáiḃ, agus is bean-



nuiġṫe toraḋ do ḃruinne, Íosa. A Naoṁ Ṁuire, a Ṁáṫair Dé, guiḋ orrainn-ne, na peacaiġ, anois agus ar uair ár mbáis. Amen

AN ĊRÉ

Creidim i nDia, an t-Aṫair uile-ċóṁaċtaċ, cruiṫuiġṫeóir neiṁe agus talṁan agus n-Íosa Críost, a Aonṁaċ san, ár dTiġearna; do gaḃaḋ ó'n Spioraid Naoṁ; do rugaḋ ó Ṁuire óiġ; d'ḟuiliġ an páis fé Pontius Pílát; do céasaḋ ar crois; do ḟuair bás agus do h-aḋlacaḋ; do ċuaiḋ síos go h-ifreann; d'aiseiriġ an treas lá ó ṁarḃaiḃ; do ċuaiḋ suas ar neaṁ, atá 'na suiḋe ar deasláiṁ Dé an t-aṫair uile ċóṁaċtaċ; as



san tiocfaiḋ ċun breiṫeaṁnas a ṫaḃairt ar ḃeóiḃ agus ar ṁarḃaiḃ. Creidim sa Spioraid Naoṁ, sa naoṁ Eaglais Ċaitliciḋe; i gcomaoine na Naoṁ; i maiṫeaṁnaċas na bpeacaí; i n-aiseiriġe na colna; agus sa ḃeaṫa ṡíoruiḋe. Amen.



san tiocfaiḋ ċun breiṫeaṁnas a ṫabairt ar ḃeoiḋ agus ar ṁarḃaiḃ. Creidim sa Spioraid Naoṁ, sa naoṁ Eaglais Ċaitlicidhe; i gcomaoine na Naoṁ; i maiṫeaṁnaċas na bpeacaḋ; i n-aiséirighe na colna; agus sa ḃeaṫa Ṡíoruiḋe. Amen.